

❖ An Lúibín ❖

7 Samhain 2014

Gearán na scríbhneoirí

Tá scríbhneoirí Gaeilge na hÉireann ag gearán. Cuireadh ‘Forógra na Gaeilge’ amach tamall ó shin ag cur a n-ábhar éilimh in iúl d’Fhoras na Gaeilge agus don domhan: an deireadh atá curtha le deontais do roinnt irisí clóite agus ar líne – na cinn chlóite go háirithe; an titim an-mhór atá tagtha ar an leabhardhíolaíocht; leabhair Ghaeilge a bheith á ligean as cló; ganntanas léirmheasanna; gan litríocht na Gaeilge a bheith á haistriú go teangacha eile; easpa fógraíochta; easpa duaiseanna; an neamhaird a dhéanann TG4 ar leabhair Ghaeilge.

Dúirt an file Liam Ó Muirthile go raibh focal scríofa agus clóite na Gaeilge chomh mór i mbaol anois agus a bhí sna blianta roimh Athbheochan thús an 20ú hAois. Tá gá, dar leis, le tionscadal mór neascáfar misniúil: ‘Ba ghá tacaíocht agus comhghuaillíocht an Fhorais chuige sin’.

B’fhéidir go raibh lucht an Fhorógra beagan róchorraithe faoin scéal. Níl a n-éileamh gan bhunús, ach is dána an té a déarfadh nach mbeidh daoine ag scríobh i nGaeilge feasta. Deir lucht déanta an éilimh nach bhfuair siad freagra ó Fhoras na Gaeilge, i.e. ó thobar an mhaoinithe (cé go bhfuil an tobar céanna ag dul i ndísc anois de thoradh ar cháinainéis déine an rialtais). Dúirt an Foras, áfach, go mbeidís sásta bualadh leis na scríbhneoirí chun an cheist a phlé agus go raibh scríbhneoireacht, foilsitheoireacht agus léitheoireacht na Gaeilge a chur chun cinn ar bhealaí éagsúla.

Tá cur síos déanta ag Gabriel Rosenstock, duine eile de tháin úd na filíochta, ar na deacrachtaí a luaitear thuas.¹ Ní gnách le foilsitheoirí Gaeilge ach 500 cóip de shaothar próis nó filíochta a chur i gcló i rith amháin (cé gurbh fhiú 2000 cóip a chur i gcló más leabhar bleachtairachta é agus éileamh air). Is dóigh le Rosenstock go bhfuil scríbhneoireacht na Gaeilge go maith, tríd is tríd, agus go bhfuil roinnt údar ann atá ar fheabhas. Ach ní thugtar cuireadh do scríbhneoirí Gaeilge chun féilte liteartha thar lear agus iad gan iomrá thall. Ní fiú do scríbhneoirí Gaeilge feidhm a bhaint as gníomhairí liteartha, dream atá beo ar mhéid áirithe faoin gcéad de theacht isteach an údair. Níl aon duine ann, mar sin, chun dul i gcúram agallamh, turas, léachtaí nó léitheoireachtaí.

Fadhb eile fós is ea ceist na léirmheastóireachta. Mar a deir Rosenstock, tá aithne ag gach duine ar gach duine eile i saol na Gaeilge, agus dá bhrí sin ní mian le daoine a bheith ródhian ar a chéile. Ina theannta sin, is fíorannamh a dhéantar tagairt do leabhair Ghaeilge sna meáin Bhéarla, agus ní mór an fonn atá ar na meáin Ghaeilge féin aird a thabhairt ar fhoilseacháin nua.

Deir Rosenstock nach féidir le scríbhneoirí Gaeilge a bheith ag brath ar aistriúcháin. Déantar go fánach iad de réir mhian an aistritheora nó na haithne a bheadh aige ar dhaoine eile. Agus is annamh aistriúchán á gcoimisiniú ag foilsitheoirí Gaeilge mar a dhéanann foilsitheoirí eile san Eoraip.



¹ Gabriel Rosenstock, ‘The Irish Language and its Literature: A Brief Overview Part 4,’ 5 Bealtaine 2012, *Writing.ie*: <http://www.writing.ie/interviews/the-irish-language-and-its-literature-a-brief-overview-part-4/>

Gaeilge Google

Ábhar eile atá pléite anseo cheana. Ar bhealach amháin is mór an áis é Google Translate – chun brí sleachta a léiriú. Ná bí ag súil, áfach, le cruinneas. Mar sin féin, is minic a bhaineann Éireannaigh gan Ghaeilge feidhm a chun ‘aistriúchán’ a chur ar fáil. Tá údaráis áitiúla agus comhlachtaí stáit chun tosaigh sa drochobair seo. Is fiú, mar sin, súil a chaitheamh ar phíosa le hAntain Mac Lochlainn i dTuairisc.ie (“Googly Gaeilge’ agus ‘Bí uisce cliste”):²

Le linn na conspóide faoi Shéala Aistritheoirí Fhoras na Gaeilge [i.e. faoi athchreidiúnú aistritheoirí], níor luadh an lúb ar lár is follasaí sa chóras ar fad: caithfidh aistritheoirí a bheith creidiúnaithe le hobair a fháil ó chomhlachtaí Stáit, ach níl aon dualgas ar chomhlachtaí Stáit aistritheoirí creidiúnaithe a úsáid. Dá mbeadh meas ag an Stát ar an Ghaeilge, d’ordófaí d’eagraíochtaí sos a thabhairt don inneall aistriúcháin agus féachaint chuige gur téacsanna sothuigthe a chuirtear i láthair an phobail. Ach ní fiú smug cait í an Ghaeilge i measc ardfeidhmeannaigh an Stáit. Faoin phobal a bheidh sé gearáin a sheoladh chuig an Choimisinéir, a chur ar a súile d’eagraíochtaí gur gibiris atá ar an suíomh Gréasáin acu agus, mura bhfuil toradh air sin, iad a náiriú.

Tiocfaidh feabhas ar Google Translate mar a thiocfaidh ar gach áis eile dá shórt. Dá luaithe é is ea is fearr. Idir an dá linn, foraoir, beidh an ghibris úd ina smál ar shuíomh na hÉireann.



Gan séimhiú

An séimhiú: ceann de chomharthaí sóirt na Gaeilge. Ní mór, mar sin, aird a thabhairt ar a bhfuil d’éisceachtaí ann. Tá a gcuid rialacha féin ag gabháil leo, mar a leanas.

* Abair go bhfuil focal baininsneach agat, ainmfhocal eile ina dhiaidh sa ghinideach agus **aidiacht ag gabháil leis**. Ní shéimhítear an dara hainmfhocal úd: *oíche gaoithe móire, scian coise duibhe, tine móna taise*.

* Ní dhéantar séimhiú ach oiread agus an chéad ainmfhocal **ina thréith, ina pháirt de, le haghaidh nó faoi úinéireacht** an dara ceann: *cos capaill, iall bróige, stiúir báid, deis cainte*, agus (má chríochnaíonn an chéad focal le consan caol) *ábhair múinteoirí, baill comhairle, comhaid bainisteora* agus mar sin de.

* Ní dhéantar séimhiú nuair is **ainm briathartha** nó **ainmfhocal gníomhaíochta** an chéad ainmfhocal: *buachailleacht bó, foghlaim ceirde, forbairt pobail, géimneach bó, innealtóireacht bogearraí*.

* Is minic a nach ndéantar aon séimhiú i ndiaidh na bhfocal seo a leanas: *comhairle* [i gcontae], *oifig, rannóg, roinn, seirbhís, scéim*.

* Má tá ainmfhocal baininsneach ann a chríochnaíonn le **d, n, t, l** nó **s** agus **ainmfhocail éiginnte** ina dhiaidh a thosaíonn le **d, t nó s**, ní dhéantar séimhiú: *cúirt dúiche, cúis dlí, bean tí, scoil samhraidh, áit mhaith tine*. Baineann an riall chéanna le ainmfhocal iolra a chríochnaíonn le **d, n, t, l** nó **s caol**: *comhaid dlí, tomhais seomra, eastáit tithíochta*.

* Anois, an litir **f**. Ní shéimhítear ainmfhocail a thosaíonn le **f** i ndiaidh ainmfhocal baininsneach: *oíche fómhair, bean feasa, foireann fichille, cúirt filíochta, deoir fola*. Ní shéimhítear ainmfhocail a thosaíonn le **f** i ndiaidh ainmfhocal iolra a chríochnaíonn le consain chaola: *baill foirne, crainn fuinseoige, comhaid fuaime, turais farraige, cairn feamainne*.

Is iomaí Gaeilgeoir maith a bhris cúpla ceann de na rialacha thuas ó am go ham agus eagarthóir *An Lúibín* san áireamh. Ní mór a chuimhneamh go bhfuil simpliú ag teacht ar an gcaint agus go mbeidh a rian sin ar an gCaihgdeán, luath nó mall. Idir an dá linn féach <http://www.acmhainn.ie/tearmai/seimhiu.htm>.



² Antain Mac Lochlainn, “Googly Gaeilge’ agus ‘Bí uisce cliste,” *Tuairisc.ie*, 30 Deireadh Fómhair 2014: <http://tuairisc.ie/googly-gaeilge-agus-bi-uisce-cliste/>.

Ó thíortha eile: litríocht choimhthíoch na Gaeilge

Where Irish-born writers are concerned, motivation for writing in Irish while living abroad is related to the individual authors' experiences of language acquisition at home, though the work they have produced abroad is inflected by their personal relocation narrative and their position within the host community.

Where second-generation and non-Irish authors are concerned, however, the situation is more complex. Despite the prevalence of the notion of fluid and negotiable identity, one may still quite rightly ask why anyone would choose to become a member of a minoritized language community...³

Sin tuairim Mháire Nic Eoin, scoláire agus acadóir a bhfuil an-suim aici i saothrú domhanda na Gaeilge agus í ag tarraingt anuas ceisteanna atá ag dul i dtábhacht le himeacht aimsire. Ábhar é atá pléite cheana ag *An Lúibín* agus ar fiú é a phlé arís; úsáidtear tuairimí Nic Eoin anseo mar phointe tagartha.

Tá baint ag an scéal seo le rud ilghnéitheach atá ar siúl le fada: an Tionscadal Gaelach. An seamrógachas, Riverdance, an Joyceachas agus an Yeatsachas, an dúil atá ag daoine i stair na sinsear. Agus, ar ndóigh, an Ghaeilge féin, teanga a fhéadann teacht chun solais trí aistriúcháin nó tríd an gceol. Má mhúscláitear spéis inti is féidir léi draíocht a chur ar dhaoine, ar eachtrannaigh féin, agus iad á foghlaim, á saothrú, á léamh.

Tá bunús leis an idirdhealú a dhéanann Nic Eoin thuas idir Gaeilgeoirí ó Éirinn a théann i mbun pinn thar lear (Tomás Mac Síomóin sa Chatalóin, Derry O'Sullivan i bPáras, Muiris Ó Scanláin san Astráil) agus na heachtrannaigh a ghlacann an teanga chucu féin: Andreas Vogel i gConamara, mar sampla, Alex Hijmans, údar ilteangach a chuir faoi i mBrasaíl, agus roinnt daoine eile a bhíonn ag breacadh leo ina dtíortha féin. Orthu siúd tá Séamas Ó Neachtain, údar Meiriceánach a chuireann *An Gael* (iris liteartha) in eagar sna Stáit, agus an teangeolaí fíorshuimiúil úd Panu Petteri Höglund, Fionnlannach a bhfuil ceithre leabhar Gaeilge curtha amach aige. Orthu siúd freisin tá eagarthóir *An Lúibín*, Colin Ryan, scríbhneoir a bhfuil a chuid gearrscéalta agus dánta le fáil sna hirísí Gaeilge ach nár fhoilsigh leabhar riamh.

Bheadh súil agat lena lán scríbhneoirí nua ó na Stáit; níos mó acu ná mar a tháinig. Mar a thaispeáin Kenneth Nilsen agus eile, is fada Éireannaigh ag cur síos i nGaeilge ar chúrsaí a saoil thall.⁴ Anois tá glúin dhúchasach Gaeilgeoirí ann agus ba bhreá an rud a scéal féin a fháil uathu.

Deir Nic Eoin: 'A comprehensive history of the Irish language and the diaspora has yet to be written, though studies focusing on particular countries, regions, periods, and individuals do give an insight both into the dominant processes of assimilation and language shift and into the efforts made to encourage migrants to retain or reclaim aspects of their ancestral culture'.

Ach fágann sin, mar a deir sí, ceisteanna eile le réiteach. I gcás Höglund, Ryan agus roinnt eile ba chóir an teanga a fheiceáil (i bhfocail Nic Eoin) mar 'a language of creativity' seachas mar chomhartha Gaelachais. Eascraíonn ficsean Höglund óna thuiscint mhorálta ar shaol an duine faoi sholas geimhreata gruama a thuaiscirt féin. Tá claonadh aige chun críocha dorcha a chruthú, spás a dtéann an chóir agus an t-olcas i ngleic le chéile ann.

Ní dheachaidh Helia ar mire le brón ach i ndiaidh tamaill. Nuair a ghlac sí leis an smaoinemh go raibh Berto marbh, ba ábhar iontais di féin an greim docht a choinnigh sí ar a stuaim. Bhí a hinchinn ag obair mar a bheadh róbat ann. Ar bhealach ba é seo an rud a bhí ar na bacáin le fada an lá. Ó thosaigh Berto ag cur an iomarca suime sna cúrsaí polaitíochta, ní raibh sé ach ag tarraingt trioblóide anuas air féin agus ag spreagadh easaontais agus cointinne ar fud na sochaí. Bhí drong de chúlaistíní ag tacú leis agus ag ionsaí aon duine aribh sé de mhísneach aige locht a fháil ar thuarimí Berto. I dtús báire fuair na daoine sin drochbhuille scanraithe, ach ansin, tháinig fonn fíochmhar sna sálaí ar an scanradh. Bhí sé á thaibhsíú do Helia le tamall maith ama anuas go raibh a leithéid ag teacht, mar sin,

³ Máirín Nic Eoin, 'Interdisciplinary Perspectives on Transnational Irish-Language Writing,' 12 Aibreán 2013, *Breac: A Digital Review of Irish Studies*: <https://breac.nd.edu/articles/38920-interdisciplinary-perspectives-on-transnational-irish-language-writing-2/>

⁴ Kenneth Nilsen, 'Irish Gaelic Literature in the United States,' in Mark Shell (eag.), *American Babel: Literatures of the United States from Abnaki to Zuni*, Harvard University Press 2002.

agus ar ndóigh ba ábhar faoisimh di go raibh sí féin beo beathach i gcónaí anois, agus an rud dosheachanta tite amach.⁵

Tá ficsean Ryan suite san Astráil nó (leithéid Höglund) i gcríocha samhailteacha, agus is é an scéal céanna ag a chuid filíochta é. Tá a stíl úd níos loime, níos gonta. An teanga féin atá chun tosaigh anseo, uirlis chumadóireachta a d'fhéadfaí a imirt ar ábhar ar bith in áit ar bith.

Cailín álainn cosfhada, í ag gabháil léi síos an trá. Rinne sí miongháire gealfhíaclach le Frost, í ag siúl go faichilleach idir cairn feamainne. D'fhéach sé uirthi agus chas arís ar an bhfarraige, ar scéimh agus ar phléascadh na dtonnnta. Crompánaí láidir otraithe ba ea Frost. Féasóg go hucht air. Seanléine dhúghorm air agus gearrbhríste gioblach. Ba mhínic sínte ar a chraodó ar an trá é faoi scáth mantach na gcrann pailme, a intinn sáite i léim agus i dtorann na dtonnnta.

Oileán é seo, cuid d'oileánrach a bhí ag rith chomh fada soir le Tíomór. Thaitin oileáin le Frost agus ba chuid den oileán seo anois é. É ar lóistín thiar i dteach Mhamó Melila, teach plódaithe: clann mhór agus conairt. Agus an ceann seo: an ghariníon.⁶

Nic Eoin arís: 'The existence of a substantial body of transnational writing in Irish forces us to pose new questions about the relationship between language, literature, and identity'.

Déarfadh scríbhneoirí Gaeilge a rugadh in Éirinn gur scríbhneoirí de chuid na tíre sin iad, is cuma cén tír a bhfuil cónaí orthu faoi láthair (cé go scríobhann O'Sullivan i bhFraincis freisin). Ciall eile atá le saothar Höglund; roghnaigh sé an teanga seachas an tír (cé go bhfuil an-eolas aige ar ghnóthaí na Gaeilge in Éirinn). Tá sé ag scríobh litríocht Eorpach i dteanga mhionlaigh de chuid na hEorpa. Tugann Ryan faoin scéal ar bhealach eile fós; cé gur Gaeilgeoir de shliocht Éireannach é maíonn sé gur le litríocht de chuid na hAstráile a bhaineann a shaothar.⁷

Cealaíonn Höglund agus a leithéidí an nasc atá idir an Ghaeilge agus féiniúlacht náisiúnta na hÉireann; is léir óna gcuid ábhair agus téamaí gur don domhan mór atá siad dílis (nó don chuid de is gaire dá groí). D'fhéadfaidís cloí leis an nGaelachas, ach ina áit sin cloíonn siad leis an nGaeilge. Is féidir, ar ndóigh, saothar Gaeilge nach mbaineann le hÉirinn a scríobh in Éirinn féin (féach *Deoraíocht* Uí Chonaire); ach tugann na scríbhneoirí thuasluaite léargas nua ar a bhféadfadh a bheith i ndán don teanga.



Blas teanga

Sa bhliain 2013 rinne William Crawley (Liam Mac Raghallaigh), iriseoir de chuid BBC Uladh, scannán faisnéise faoin iarracht a thug sé faoi Ghaeilge a fhoghlaim. D'éirigh go maith leis, rud a thabharfadh misneach suit, ós Protastúnach é a tógadh i mBéal Feirste Thuaidh. Féach 'It's a Blas - Irish Language in Northern Ireland' ar Youtube ag https://www.youtube.com/watch?v=qbfUpfS4n_Y,



⁵ Panu Petteri Höglund, *Tine san Iúntlainn*, caibidil 1, sliocht as sraithscéal in *An Gael*, Geimhreadh 2011: <http://www.magcloud.com/browse/issue/303288>.

⁶ Colin Ryan: 'An fear nach rachadh abhaile,' scéal ar foilsíodh leagan de in *Feasta*.

⁷ Colin Ryan, 'Australian writing in Irish,' 6 Bealtaine 2014, *Tinteán*: <http://tintean.org.au/2014/06/06/australian-writing-in-irish/>.

An t-aigéadú, an téamh agus na haigéin

Sean-nath le fada é go bhfuil 98% de na spéicis a bhí riamh ann dulta in éag, cuma céard ba chúis leis. Más tubaiste é an scrios seo is nádúrtha an rud é sa chiall is leithne: bás a ghineann beatha. Scéal eile is ea é agus ladar an chine dhaonna á chur sa mhias. Scrios nua atá i ndán dúinn agus gáis tí gloine mar an dé-ocsaíd charbóin (CO₂) ag coinneáil teasa san atmaisféar. Is dóigh le heolaithe aeráide anois go bhfuil méid mór CO₂ á shú isteach sna haigéin, áit a ndéantar aigéad carbónach de chuid di. Déanann sé seo (tar éis imoibriú eile) an t-uisce a aigéadú.

Is í an tréimhse théite is mó a tharla roimhe seo, go bhfios dúinn, an Uasteocht Phailéicéineach-Éicéineach, tréimhse ba chúis le holldíothú measartha mór. Síltear gur thit sí amach timpeall 55 milliún bliain ó shin agus gur mhair sí 170,000 bliain, a bheag nó a mhór. I dtús na tréimhse tháinig méadú 6 °C nó mar sin ar theocht an domhain laistigh de thimpeall 20,000 bliain, rud a chuir leis an téamh a bhí ar siúl cheana. Baineadh croíthe deascán ársa aníos láimh le cósta na Namaibe in iardheisceart na hAfraice agus thaispeáin siad, i measc iarsmaí cailceacha seanorgánach, sraith dúdhearc cré mar a raibh carbónáit chailciam leáite ag uisce aigéadach sa ré atá i gceist. Is léir ón taifead iontaiseach gur tháinig borradh ollmhór faoin méid CO₂ san atmaisféar ag an am, rud a tharla, b'fhéidir, nuair a leáigh bolcáin faoi uisce san Atlantach Thuaidh deascáin mheiteáin. (Déantar CO₂ den mheiteán.) Imríodh olldíothú ar fhóiriminiféir, mionorgánaigh aoncheallacha ón gcuid is doimhne den fharraige, ach tháinig borradh faoi phlanctóin áirithe, leithéidí na ndine-lasnaideach (mionorgánaigh ilghéitheacha). Agus chuaigh mamaigh chun cinn go mór.

Tá na haigéin ag éirí aigéadach go rábach anois, agus méadú 170% ar an aigéadú sin faoin mbliain 2100, b'fhéidir, de bharr astúcháin dhaonna. Tá na haigéin 26% níos aigéadaí ná mar a bhí siad i dtús na Réabhlóide Tionsclaí, agus 30% de spéicis caillte dá réir i gcuid de na héiceachórais aigéanacha.

In aigéin an Antartaigh agus an Artaigh is mó atá an t-aigéadú seo le feiceáil agus dochar á dhéanamh do shliogáin agus do chnámharlaigh orgánach mara dá bharr. Spéicis a bhfuil sliogáin charbónáit chailciam acu ní bheidh in ann maireachtáil san Artach faoin mbliain 2010. Tá na teireapóid (a bhfuil cuma seilidí orthu) i mbaol san aigéan deisceartach agus iasc, éin agus míolta móra ag brath go mór orthu mar bhia. Agus sin gan trácht ar an díobháil a dhéanfar do dhobharshaothrú na moileasc. Tá torthaí indíreacha ar an aigéadú freisin. Dá mhéad aigéadú atá ann is ea is fusa d'orgánaigh chósta copar agus truailliú eile a shú isteach, rud a dhéanann dochar dá gcuid speirme.

San Astráil is léir go bhfuil an Mhórsceir Bhacainneach i gcontúirt mhór, ní hamháin de bharr truailliú, ró-iascaireachta agus gnóthaí tionsclaíochta ach de bharr théamh na farraige (rud a bhaineann le méadú CO₂) chomh maith. Tá an teas á shú isteach ag na haigéin agus é le mothú níos doimhne ná riamh. Ní féidir le coiréil chraobhacha na sceireanna trópaiceacha maireachtáil lasmuigh de réimse cúng teochta. Iadsan a chosnaíonn an t-iasc óg, rud a chothaíonn an iascaireacht.

Ní gach rud atá thíos leis an aigéadú. Síolraíonn cocalaiteafóirí agus planctóin (cuid thábhachtach den bhiashlabhra) chomh gasta sin gur dócha go bhféadfaidh a sliocht an t-aigéadú a fhulaingt. Is é an scéal céanna é ag iasc agus ag crústaigh atá in ann a gceimic inmheánach féin a choinneáil faoi smacht. Tá féar mara agus feamainn ag borradh de bharr bhorradh CO₂. Maidir le chuid mhór orgánach eile, áfach, tá an mírath á bhagairt orthu, agus ar éigean is féidir teacht idir iad agus an anachain anois. Mar a deir sean-nath eile, ní buan gach ní a chaitear.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Leaganacha simplithe

Gearán na scríbhneoirí

Tá scríbhneoirí Gaeilge na hÉireann ag gearán. Tá deireadh curtha le deontais do roinnt irisí clóite agus ar líne agus níl mórán leabhar á ndíol. Níl mórán léirmheasanna á ndéanamh. Ní dhéantar mórán fógraíochta ar leabhar Gaeilge. Tá siad ag iarraidh tacaíocht ar Fhoras na Gaeilge. Dúirt an Foras go mbeidís sásta bualadh leis na scríbhneoirí chun an cheist a phlé.

Tá na deacrachtaí úd pléite ag an bhfile Gabriel Rosenstock. Ní fhoilsítear ach cúig chéad cóip de leabhar Gaeilge de ghnáth. Deir Rosenstock go bhfuil scríbhneoirí an-mhaithe le fáil i litríocht na Gaeilge. Ach ní thugtar cuireadh do scríbhneoirí Gaeilge chun féilte liteartha thar lear toisc nach bhfuil cáil orthu. Ní bhíonn gníomhairí liteartha do scríbhneoirí Gaeilge toisc nach dtuillfeann siad mórán airgid. Níl aon duine ann, mar sin, chun agallaimh a shocrú dóibh.

Deir Rosenstock go bhfuil aithne ag gach duine ar gach duine eile i saol na Gaeilge, agus dá bhri sin ní mian le daoine a bheith ródhian ar a chéile nuair a scríobhann siad léirmheasanna. Chomh maith leis sin, ní thugann na meáin Ghaeilge féin aird a thabhairt ar leabhair nua.

Deir Rosenstock freisin nach minic a aistrítear leabhair Ghaeilge go teangacha eile. I dtíortha eile san Eoraip coimisiúnaíonn⁸ foilsitheoirí aistriúcháin, ach ní dhéanann foilsitheoirí Gaeilge é sin.

An t-aigéadú, an téamh agus na haigéin

Deirtear go bhfuil 98% de na speicis a bhí riamh ann dultha in éag.⁹ Deir na heolaithe go bhfuil olldíothú¹⁰ eile romhainn de bharr théamh an domhain agus aigéadú¹¹ na n-aigéan.¹² Tá baint aige seo leis an dé-ocsaíd charbóin (CO₂), ó táimid ag ligean an oiread sin di isteach san atmaisféar. Chuidíonn sí le teas a choinneáil san atmaisféar agus tá an domhan á théamh dá bharr. Tá méid mór CO₂ ag dul isteach sna haigéin. Déantar aigéad carbónach di ansin.

Tharla rud mar seo cheana timpeall 55 milliún bliain ó shin. Tháinig borradh ollmhór faoin méid CO₂ san atmaisféar agus tháinig méadú 6 °C nó mar sin ar theocht an domhain. Chuaigh cuid mhór den teas seo isteach san fharraige agus rinneadh olldíothú ar mhórán orgánach aoncheallach.¹³ Tá na haigéin ag éirí aigéadach anois ar an dóigh chéanna agus tá 30% de speicis cailte cheana ann.

In aigéin an Antartaigh agus an Artaigh is mó atá an t-aigéadú seo le feiceáil. Tá dochar mór á dhéanamh d'orgánaigh bheaga a bhfuil sliogáin acu atá déanta de charbónait chailciam.¹⁴ Agus tá toradh indíreach¹⁵ ar an aigéadú. Is furasta d'orgánaigh copar agus truailliú eile a shú isteach, rud a dhéanann dochar dá gcuid speirme.¹⁶

San Astráil tá an Mhórsceir Bhacainneach¹⁷ i gcontúirt mhór. Tá baint ag téamh na farraige leis seo, mar déanann sé dochar do na coiréil chraobhacha¹⁸ a chosnaíonn an t-iasc óg.

Ní gach rud atá thíos leis an aigéadú. Tíocfaidh planctóin¹⁹ éigin, iasc éigin agus crústaigh²⁰ éigin slán. Tá fear mara agus feamainn ag fás go maith. Ach tá an mirath i ndán do roinnt mhaith rudaí eile.

⁸ Coimisiúnaigh – commission (something to be done)

⁹ Dultha in éag – become extinct

¹⁰ Olldíothú – mass extinction

¹¹ Aigéadú - acidifying

¹² Na haigéin – the oceans

¹³ Mórán orgánach aoncheallach – many one-celled organisms

¹⁴ Carbónáit chailciam – calcium carbonate

¹⁵ Toradh indíreach – indirect result

¹⁶ Speirm - sperm

¹⁷ An Mhórsceir Bhacainneach – the Great Barrier Reef

¹⁸ Coiréil chraobhacha – branching corals

¹⁹ Planctóin - plancton

²⁰ Crústaigh - crustaceans

